

Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin



Plean Gníomhaíochta Custaiméara

2006



Údarás Áitiúla Chill Mhantáin Plean Gníomhaíochta Custaiméara

2006

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA CUSTAIMÉARA

Réamhrá

Táirgeadh an Plean Gníomhaíochta Custaiméara seo le tuiscint níos fearr a thabhairt do dhaoine ar Údarás Áitiúla Chill Mhantáin. Déanann sé cur síos ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle, conas a dhéantar soláthar ar na seirbhísí sin agus conas is féidir leatsa – an custaiméar, rochtain ar na seirbhísí atá uait ar am ar leith.

Tá fócas láidir straitéiseach ag an bplean seo; leagann sé amach go soiléir na nithe a dteastaíonn ó Údarás Áitiúla Chill Mhantáin a bhaint amach maidir le feabhas a chur ar an tseirbhís custaiméara agus an bealach atá i gceist againn é sin a dhéanamh.

Is céim thosaigh thábhachtach é seo le tú a chur ar an eolas faoinár bpleananna lenár seirbhís custaiméara a sholáthar ar bhealach cairdiúil.

Ionchas an Chustaiméara – Tá forbairt a dhéanamh ar chultúr Seirbhíse Custaiméara agus síormhonatóireacht a dhéanamh ar ionchais an chustaiméara i bhfrithshuíomh lena ndéantar agus leis na hacmhainní atá ar fáil," ar cheann de na bunluachanna i bPlean Corparáideach Údarás Áitiúla Chill Mhantáin 2004-2009:

Féach www.wicklow.ie do chóip den Phlean Corparáideach

Déanfaidh Údarás Áitiúla Chill Mhantáin iarracht ar scothsheirbhís a sholáthar ag teacht le cuspóirí an Phlean Chorparáidigh 2004 – 2009. Is é ár n-intinn é dá bhrí sin bheith feasach ar riachtanais reatha agus le teacht ár gcustaiméirí agus áisiú a dhéanamh ar an acmhainn le freagairt ar bhealach éifeachtach, eacnamaíoch.



Alt 1: Faoin Eagraíocht

Tá freagracht ar Údarás Áitiúla Chill Mhantáin soláthar a dhéanamh ar raon fairsing seirbhísí sóisialta, infrastruchtúracha, rialaithe, agus cothaitheacha do agus thar ceann mhuintir Chill Mhantáin. Tá ceangal dlí orainn seirbhísí áirithe a sholáthar agus tá a thuilleadh á gcur ar fáil d'fhonn caighdeán na beatha a fheabhsú do phobal an chontae agus do chuirteoirí araon. Soláthraítear na seirbhísí seo i gcomhshaol atá casta, éilíteach agus síorathraitheach. Is gá do chustaiméirí rochtain níos tapúla a bheith acu ar sheachadadh seirbhíse gan laghdú, rud a éilíonn feabhsúchán leanúnach.

Cuimsíonn na "hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2000-2002" agus an "tAcht Rialtais Áitiúil 2001" athrú leanúnach agus forbairt ar sheirbhísí agus ghníomhaíochtaí na nÚdarás Áitiúla. Is gá, do chur chun cinn an Chuimsithe Sóisialta agus an riachtanas atá le díonadh ar bhochtaineacht tuaithe agus ar chomhionannas an uile phlean agus straitéis, tacaíochtaí aire agus sainoiliúna le seachadadh a chinntiú. Chothaigh Údarás Áitiúla Chill Mhantáin cuimsiú ina gcuid gníomhaíochta agus ina gcuid oibre riamh le deimhin a dhéanamh de scothchaighdeán beatha do shaoránaigh uile Chill Mhantáin, agus leanfaidh siad de sin a dhéanamh.

Soláthraítear an raon seirbhísí faoi na Stiúirthóireachtaí seo a leanas:

- TITHÍOCHT AGUS EASTÁT CORPARÁIDEACH
- FORBAIRT POBAIL, CULTÚRTHA AGUS SÓISIALTA
- INFRASTRUCHTÚR IOMPAIR AGUS BÓITHRE
- FORBAIRT PLEANÁLA AGUS EACNAMAÍOCHTA
- SEIRBHÍSÍ UISCE AGUS COMHSHAOIL
- TOGRAÍ SPEISIALTA
- SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

Soláthraítear seirbhísí faoi na Stiúirthóireachtaí seo a leanas:-

- | | |
|---|---|
| • TITHÍOCHT AGUS
EASTÁT CORPARÁIDEACH | • Tógáil Tithíochta Sóisialta |
| | • Dáileadh Tithíochta Sóisialta |
| | • Soláthar ar Thithíocht Inacmhainn/ suímh
Phríobháideacha |
| | • Soláthar Cóiríochta an Lucht Siúil |
| | • Soláthar ar Roghanna Tithíochta Sóisialta |
| | • Bailiú Cíos |
| | • Bainistíocht Eastáit / Iompar Frithshóisialta |
| | • Scéim Dheontais do Dhaoine faoi Mhíchumas |
| | • Rialú Tógála |
| | • Eastát Corparáideach |
| • FORBAIRT POBAIL,
CULTÚRTHA & SÓISIALTA | • Limistéir Áineasa |
| | • Cothú Ealaíon |
| | • Fiontraíocht Pobail |
| | • Leabharlanna |
| | • Músaem |
| | • Áiseanna Áineasa |
| | • Linnte Snámha |
| | • R.A.P.I.D. |
| | • Áisiú ar an mBord Forbartha Contae |
| | • Áisiú ar an bhFóram Pobail Contae |
| | • Áisiú ar an nGréasán Pobail Inmheánach |

- INFRASTRUCHTÚR IOMPAIR AGUS BÓITHRE
 - Carrchlóis
 - Ceadúnais Fhruilcharr
 - Scéimeanna Feabhsuithe Áitiúla
 - Soilsiú Poiblí
 - Feabhsuithe agus Cothabháil Bóthair
 - Ceisteanna Ginearálta Iompair
 - Sábháilteacht Bóthair
 - Bainistiú Tráchta
- FORBAIRT PLEANÁLA AGUS EACNAMÁÍOCHTA
 - Rialú Tógála (Pleanáil agus Forfheidhmiúchán
 - Caomhnú Tithe
 - Áiteanna Dainséaracha
 - Suímh Thréigthe
 - Forbairt Eacnamaíoch
 - Oidhreacht
 - Úsáid Talún, Pleanáil & Rialú
 - Forbairt Réigiúnach, Baile, Sráidbhaile & Tuaithe
 - Forbairt Turasóireachta
 - Spásanna Oscailte & Pleanáil Áineasa
- SEIRBHÍSÍ UISCE & COMHSHAOL
 - Uiscí Snámha – a monatóireacht
 - Cothabháil / Bainistíocht Trá
 - Reiligí
 - Trádáil Ócáideach
 - Cosaint Cóta
 - Tograí Fostaíochta Pobail
 - Suímh thréigthe
 - Ceadúnais agus Rialú gadhar
 - Feasacht Comhshaol
 - Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála
 - Grúpscéimeanna Uisce
 - Cosc & Rialú Bruscair
 - Agenda Áitiúil 21
 - Rialú Truailithe - Aer, Uisce, Gleo
 - Cosc, Athchúrsáil & Diúscairt Dramhaíola
 - Monatóireacht ar Uisce – Talamh & Abhann
 - Seirbhísí Uisce ag áireamh fuíolluisce
 - Monatóireacht ar Sholáthairtí Uisce
 - Bainistiú Dramhaíola
 - Seirbhísí tréidliachta
- TOGRAÍ SPEISIALTA
 - Stiúradh a dhéanamh ar ghníomhaíocht na Comhairle maidir le gníomhaíocht pobail sa chiall is leithne
 - Straitéisí a chothú le haghaidh a thabhairt ar chuimsiú sóisialta
 - Nasc a chothú idir an BFC + CSPanna.
 - Togra PPP Chuan na gClocha Liatha & na Trá Thuaidh
 - Togra PPP Chuan Bhré & na Trá Thuaidh

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

- ACMHAINNÍ DAONNA
 - Earcaíocht
 - Traenáil agus Forbairt
 - Leas Foirne
- NÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA
 - Cosaint Sibhialta
 - Toghcháin
 - Clár na dTogthóirí
 - Sláinte agus Sábháilteacht
 - Saoráil Faisnéise
 - Ceart Vótála
 - Deontais Ardoideachais
 - Seirbhísí um Chúram Custaiméara
 - Páirtnéireachtaí sa Láthair Oibre
 - Cumarsáid
 - Tograí Ilfhreastail
 - Iniúchadh Inmheánach
 - Aoisliúntas
 - Cúrsaí Gaeilge
- AIRGEADAS
 - Bailiú Ioncaim
 - Ceadúnais Tiomána
 - Mótarcháin
 - Párolla
 - Cuntais Iníoctha
 - Árachais
 - Bainistíocht Airgeadais
- CÓRAS EOLAIS
 - Teicneolaíocht an Eolais
 - Cumarsáid Ar-Líne
 - Suíomh Idirlín



Alt 2: Ár gCustaiméirí

Déanann mórán custaiméirí teagmháil le hÚdarás Áitiúla Chill Mhantáin maidir lenár gcuid seirbhísí. Ina measc tá:

- Cónaitheoirí uile Chontae Chill Mhantáin, ag áireamh iad sin laistigh de ghrúpaí leochailleacha – daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, lucht siúil, mionlaigh eitneacha etc, daoine gan dídean, tuismitheoirí aonair.
- Ionadaithe Poiblí Áitiúla agus Baill den Oireachtas agus de Pharlaimint na hEorpa
- Foirne na nÚdarás Áitiúla agus ghníomhaireachtaí eile seirbhíse poiblí.
- Ionadaithe na meán
- Turasóirí
- Grúpaí Forbartha Pobail Áitiúla agus Deonacha
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Ranna Eile Rialtais
- Gníomhaireachtaí Stáit agus Leathstáit
- Leasa Earnálacha ag áireamh feidhmitheoirí tráchtála agus a n-ionadaithe
- Scoileanna agus Leanaí.
- Eagraíochtaí Spóirt
- Conraitheoirí agus Soláthróirí



Alt 3: Na Caighdeáin Ionchais dár gCustaiméirí

Is eol dúinn go bhfuil riachtanais éagsúla le sásamh ag na grúpaí seo de chustaiméirí indibhidiúla agus gur féidir go ndéanfaí teagmháil linn ar bhealaigh éagsúla ar a mbeadh litir, facs, r-phost, teileafóin agus pearsanta. Leagaimid amach thíos na caighdeáin ionchais dár gcustaiméirí.

Agus seirbhís á soláthar againn ar an teileafón:

- Beimid béasach múinte agus soláthróimid eolas soiléir cruinn duit.
- Is aidhm dúinn freagairt ar 90% ar a laghad de ghlaonna laistigh de 15 soicind, agus tabharfaimid ainm nó uimhir theagmhála duit i gcónaí. Munar féidir linn ceistanna a fhreagairt láithreach bonn, glacfaimid do chuid sonraí agus glaofaimid ar ais ort, ag lua tráth a oireann duit nuair is féidir duit bheith ag súil le cloisteáil uainn..
- Soláthróimid áiseanna "Glórphoist" ar na sínte uile teileafóin le deimhin a dhéanamh de go ndéantar taifead ar gach aon ghlaonach nach féidir a fhreagairt.
- Ceanglóimid glaoiteoirí le "glórphost" faoi dhiscreid i.e., ach amháin lasmuigh de uaireanta oifige (ag áireamh deireadh seachtaine) nó nuair atá an duine lenar mhaith leat labhairt gafa nó as láthair nach bhfuil neart air agus nach bhfuil duine eile oiriúnach ann le glacadh le do ghlaonach.
- Freagróimid go tapaidh do theachtaireachta glórphoist, de ghnáth laistigh de lá amháin oibre. Más gá dúinn do ghlaonach aistriú go dtí comhghleacaí, míneoidimid duit cad ina thaobh, tabharfaimid duit ainm agus uimhir an duine sin agus déanfaimid deimhin de go bhfuil do ghlaonach aistrithe i gceart.
- Soláthróimid uimhreacha Ló-Ghlaonach do sheirbhísí áirithe fógraithe.

Má thugann tú cuairt ar ár nOifigí:

Beimid ar fáil chun casadh leat le linn uaireanta oscailte oifige. Os rud é nach mar a chéile na huaireanta oscailte i gcónaí, féach an liosta ar chúil, le do thoil. Bíonn oifigí áirithe ar oscailt am lóin; dúnann oifigí áirithe ar 3.30i.n., dá bhrí sin, déan deimhin de na huaireanta ábharthacha, le do thoil. Beidh gá le coinne a dhéanamh le casadh le baill áirithe den bhfoireann gur cuid dá ndualgas é a bheith as láthair 'na n-oifigí le turais a thabhairt ar shuíomh nó a leithéidí eile dualgas e.g. Pleanálaithe.

Féach freisin an rannóg ar chomhairliúchán

- Feabhsóimid rochtain dár gcustaiméirí uile ag áireamh daoine faoi mhíchumas.
- Déan do ghnó ar bhealach béasach, cothrom.
- Déileálfaimid le do cheist agus soláthróimid aon eolas ábharthach a bheadh againn, a thapúla agus is féidir é..
- Beidh meas againn ar dó chuid príobháideachais
- Coimeádfaimid ár n-oifigí Glan agus Sábháilte.

I gcomhfhreagras leat:

- Déanfaimid iarracht freagra a thabhairt ort laistigh de 21 lá oibre ar a dhéanaí...
NÓ
- Cuirfimid admháil ar chomhfhreagras laistigh de 7 lá.
- Má tá moill le bheith ann, cuirfimid freagra eatramhach chugat ag míniú an scéil. Ní bhaineann seo le fiosruithe Réamhphleanála.
- Úsáidfimid caint shoiléir shimplí agus ní bhainfimid feidhm as téarmaí teicniúla ach nuair nach bhfuil dul as.
- Tabharfaimid ainm, líne díreach teileafóin, uimhir sínte, seoladh r-phoist agus tagairt (nuair is cuí) ar gach aon chomhfhreagras a chuirfimid amach.
- Déanfaimid socruithe lena chinntiú nach bhfágtar litreacha gan freagairt nuair atá Baill indibhidiúla Foirne as láthair.

Foirmeacha / Bileoga

Féachfaimid le:

- Caint shoiléir shimplí a úsáid i mbileoga agus i bhfoirmeacha iarratais.
- Míniú cruinn a thabhairt ar an rud atá ag teastáil
- Ceistanna riachtanacha amháin a chur
- Deimhin a dhéanamh de go mbeidh bileoga agus foirmeacha ar fáil go saoráideach ar leagan amach éagsúla ar iarratas

Agus eolas á sholáthar

Féachfaimid le:

- Eolas soiléir, cuiditheach, cruinn a sholáthar, atá ábharthach do do chuid fiosruithe
- Iarracht a dhéanamh lena dheimhniú go bhfuil an t-eolas ar fad sothuigte trí chaint shimplí shoiléir a úsáid.
- Géilleadh do fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.
- Cúiseanna a sholáthar ar chinntí a bhaineann leat.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar eolas ar bhonn rialta d'fhonn deimhin a dhéanamh de go gcuirtear athruithe reachtúla agus próisis san áireamh in ár gcuid oibre agus in ár gcuid próiseas ar fad.



Alt 4: Ról an Chustaiméara - Cuidiú LINN le CUIDIÚ LEAT

Tá ról ag custaiméirí i seachadadh seirbhíse ardchaighdeáin agus tig leo áisiúlacht a dhéanamh dúinn trí:

1. Uimhreacha tagartha a lua i ngach comhfhreagras
2. Foirmeacha iarratais a chomhlíonadh go cúramach, cruinn soléite i gcónaí sula gcuirtear isteach iad.
3. Eolas cruinn cuimsitheach a sholáthar le déileáil le hiarratas a cheadú gan a thuilleadh eolais nó soiléire a lorg.
4. Sholáthar a dhéanamh ar dhoiciméadú tacaíochta a iarrtar mar chuid den phróiseas iarratais.
5. Seiceáil féachaint go bhfuil foirmeacha comhlíonta agus sínithe sula gcuirtear isteach iad.
6. Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin a chur ar an eolas maidir le hathruithe sna cúinsí a bhaineann leis an iarratas.
7. Freagra pras a thabhairt ar iarratais ar a thuilleadh eolais.
8. Maidir le nithe neamhghnácha, coinne a dhéanamh le go mbeidh an t-oifigeach cúí i láthair agus ar fáil agus cloí leis na coinní comhaontaithe sin agus bheith in am chucu.



Ait 5: PRIONSABAIL AN TIONSCNAIMH UM SEIRBHÍSÍ ARDCHAIGHDEÁIN CUSTAIMÉARA

Agus sinn ag déileáil le custaiméirí agus cliaint Údarás Áitiúla Chill Mhantáin gabhaimid treoir ó na prionsabail seo a leanas:

Ardchaighdeán Seirbhíse	Cairt Custaiméara a fhoilsiú ag rianú nádúr agus caighdeán na seirbhíse a dtig le custaiméirí a bheith ag súil leis, agus é a chur ar taispeánt go feiceálach ag pointe seachadta na seirbhíse.
Comhionannas / Ilíocht	Na cearta a bunaíodh faoin reachtaíocht chomhionannais, go gcaithfí go comhchothrom leo agus go soláthrófaí don ilíocht, d'fhonn cuidiú le comhionannas do na grúpaí a chlúdaítear leis an reachtaíocht ar fhoras gnéis, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, ballraíocht de chomhluadar an lucht siúil... Na bacainní atá ar rochtain ar sheirbhísí do dhaoine faoi chuing na bochtaineachta agus an eisiata sóisialta agus dóibh sin ag fulaingt bacainní tíreolaíochta ar sheirbhísí a aithint agus a dhíothú.
Eolas	Cur chuige forghníomhach a ghlacadh i soláthar eolais atá soiléir, tráthúil, cruinn agus ar fáil ag na pointí uile teagmhála agus a shásaíonn riachtanais na ndaoine le riachtanais speisialta agus míchumais. Leanúint ar thóir simplithe rialacha, rialachán, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta.
Rochtain Fhisiciúil	Oifigí Poiblí atá glan agus inrochtain a sholáthar, a chinntíonn príobháideacht, a ghéilleann do chaighdeán oibre agus sábháilteachta agus mar chuid de seo, a dhéanann éascú ar rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine eile le riachtanais speisialta.
Tráthúlacht agus Cuirtéis	Seirbhísí a sheachadadh ar bhealach cuirtéiseach agus lena laghad moille agus is féidir.
Gearáin	Córas trédhearcach, simplí inrochtain a chothabháil le déileáil le gearáin maidir le caighdeán na seirbhíse a sholáthraítear
Comhairliúchán	Cur chuige struchtúrtha a sholáthar ar chomhairliúchán fiúntach agus rannpháirtíocht an chustaiméara maidir le forbairt, seachadadh, athbhreithniú agus meastóireacht ar sheirbhísí.
Rogha	Rogha a sholáthar, nuair is féidir sin, i seachadadh seirbhíse ag áireamh modhanna íocaíochta, láithriú pointí teagmhála, uaireanta oscailte agus amanna seachadta.
Teanga	Seirbhísí a sholáthar dóibh sin gur mian leo gnó a dhéanamh trí Ghaeilge nó Trí Theanga comharthaí.
Custaiméir Inmheánach	A chinntiú go n-aithnítear an Fhoireann mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtugtar tacaíocht chúí dóibh agus go dtéitear i gcomhairle leo maidir le ceistanna seachadta seirbhíse.

5.1

ÉITEAS SEIRBHÍSE CUSTAIMÉARA

Cuirtear éiteas Seirbhíse Custaiméara chun cinn ar fud na heagraíochta; gríosófar foireann agus custaiméirí araon caintiú le súil go bhfeabhsófar na cleachtais reatha. Is féidir a bheith ag súil le feabhas ar sheachadadh seirbhísí chomh maith ó mhéadú ar úsáid teicneolaíochta eolais agus teicneolaíochta leictreonacha. Tá traenáil ar cheisteanna Seirbhíse Custaiméara ina cuid dár gclár leanúnach traenála.

Má tá rud le rá nó gearán le déanamh agat tá nós imeachta oifigiúil um Ghearáin ann chuige:

Cuir do rá nó do ghearán i scríbhinn nó comhlíon ceann dár bhfoirmeacha gearáin agus cur ar ais í go dtí an rannóg chuí: An tOifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin e.g. OSF Tithíochta, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Áras an Chontae, Cill Mhantáin.

Féachfaidh an OSF chuige go gcuirfear admháil chugat laistigh de chúig lá oibre.

Ba chóir go gcuirfí freagra chugat laistigh 21 lá. Uaireanta glacann sé níos mó ama le cús a réiteach, ach coimeádfar ar an eolas thú faoi dhul chun cinn.

Mura mbíonn tí sásta leis an bhfreagra, tig leat achomharc a dhéanamh laistigh de 3 seachtainí do Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach na Comhairle, Gnóthaí Corparáideacha, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Áras an Chontae, Cill Mhantáin, a dhéanfaidh athscrúdú ar an ngearán agus a chuirfidh freagra chugat laistigh de cheithre lá déag.

Ba chóir do ghearánaithe é sin a chur in iúl más mian leo go ndéileálfaí faoi rún lena ngearán..

Tugtar cuireadh chomh maith tagairtí nó gearáin a chur isteach ar r-phost ag countywise@wicklowcoco.ie.

Má bhíonn tú míshásta lenár bhfreagra deiridh, tig leat teagmháil a dhéanamh le:

**Oifig an Ombudsman,
18 Sráid Líosáin Íocht.,
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 678 5222
Facs: 01 6610570
R-phost: foi@ombudsman.irlgov.ie**



Ait 6

Tá Udarás Áitiúla Chill Mhantáin de shíor ag athbhreithniú na seirbhíse a sholáthraímid. Tá sé ar intinn againn ár gcustaiméirí uile a choimeád ar an eolas maidir le haon fheabhsuithe a dhéantar nó atá molta.

Feabhsuithe le Déanaí

- Seirbhís Leabharlainne Taistil a thabhairt isteach
- CountyWise Nuachtlitir le custaiméirí a choimeád ar an eolas.
- Forbairt ar an Seomra Nua Comhairle agus Suíocháin don phobal.
- Dearadh nua ar an bhForhalla in Áras an Chontae le rochtain a fheabhsú.
- Comharthaíocht a fheabhsú i limistéir phoiblí in Áras an Chontae.
- Clár Traenála Foirne á sholáthar ar Chúram Custaiméara.
- Oiliúint ar theanga comharthaí do bhaill áirithe den fhoireann
- Traenáil agus Feasacht ar Mhíchumas a sholáthar.
- Uaireanta Oscailte feabhsaithe, formhór na n-oifigí ar oscailt Am Lóin.
- Cruinnithe Ceantair le háisiú ar Rialachas Áitiúil.
- Áiseanna athchúrsála san Inbhear Mór, Cill Mhantáin agus Abhóca.
- Ceapadh Oifigeach forbartha eastáit / ceangail Tionónta.
- Comhairliúcháin Phoiblí ar leanúint arna Mórthograí uile Infrastruchtúir
- Stáisiún nua Dóiteáin i Baile Coimín
- Saotharlann Nua Uisce in Ionad Athchúrsála an Mhuirbhigh
- Siopa Oxfam ag Ionad Athchúrsála an Mhuirbhigh

Feabhsuithe le déanamh /Spriocanna don Todhchaí

- Tá scrúdú á dhéanamh ar ríomhairí eolais le scáileáin tadhallgair le hinsealbhú do fhiosruithe um Mótarcháin agus do Fhiosruithe eile Ginearálta sa láthair Fáiltithe.
- Tá áiseanna nua athchúrsála molta do Bhré.
- Tá Clár Uisce agus Fuíolluisce ar siúl i gcónaí.
- Cuirfear méadair uisce i ngach aon áitreabh neamhtheaghlaigh; gearrfar táille de réir úsáide, ar na custaiméirí.
- Suíomh Gréasáin - Tá foirmeacha iarratais do fholúntais do phoist agus so sheirbhísí eile ar fáil ar www.wicklow.ie
- Tá Stáisiún nua Dóiteáin á dtógáil i mBealach Conglais agus Ráth Droma.
- Déanfar machnamh ar uaireanta oscailte níos solúbtha.
- Mór-infheistíocht Caipitil in Infrastruchtúr.
- Síneadh le láithreán Líonta Talún Rampere.
- Leabharlann nua do Bhaile Coimín

Liosta de fhoilseacháin áirithe le hUdarás Áitiúla Chill Mhantáin:

- Plean Forbartha Chontae Chill Mhantáin 2004 – 2010
- Plean Forbartha Bhré 2005 – 2011
- Plean Forbartha an Inbhir Mhóir 2005 - 2011
- Pleananna Ceantair Áitiúla
- Plean Corparáideach
- Plean Gníomhaíochta Custaiméara
- Buiséad Bliantúil
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- Tuarascáil Bhliantúil
- Clár na hEarnála Pobail agus Deonaí
- Straitéis Outlook-CDB
- Plean Gníomhaíochta um Dhaoine gan Dídean
- Plean Bainistíochta Dramhaíola

Cumarsáid:

- Tig leat ár suíomh gréasáin a rochtain ag www.wicklow.ie. Tá nasc ann le r-phost a chur chuig rannóga éagsúla.
- Tá láimhleabhair um Shaoráil Faisnéise ar fáil ar iarratas ón Rannóg um Ghnóthaí Corparáideacha, Comhairle Contae Chill Mhantáin.
- Tá áiseanna r-phoist ar fáil don fhoireann ar fad
- Táirgíonn Páirtnéireacht sa Láthair Oibre CountyWise nuachtlitir Custaiméara agus Nuachtlitir Rialta Foirne

Soláthraíonn suíomh gréasáin Leabharlainne Chill Mhantáin, www.wicklowlibrary.ie, mionsonraí ar na seirbhísí uile leabharlainne ag áireamh rochtain ar chatalóg na leabhar uile, eolas stairiúil, ginealaigh agus dinnseanchais, pobail agus treoir do na hEalaíona.

Comhairliúchán:

- Aithnítear baill uile na foirne mar chustaiméirí inmheánach agus rachfar i gcomhairle leo maidir le ceistanna um sheachadadh seirbhísí.
- Tá comhairliúchán poiblí ina chuid tábhachtach den phróiseas ullmhúcháin ar Phlean Forbartha Contae d'fhonn aghaidh a thabhairt ar cheistanna agus ábhair inní a bhaineann leis an bPlean nua, lena chinntiú go mbeidh an Plean críochnaitheach ag teacht le mianta an phobail agus le polasaithe, straitéisí agus treoirlínte an Rialtais. Gabhtar i mbun comhairliúcháin phoiblí ag stáid éagsúla den phróiseas.
- Ag teacht le hAcht Pleanála agus Forbartha 2000 agus le hAcht (Leasú) 2002, tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tiomanta do Phleananna Ceantair Áitiúla a dhéanamh maidir le ceantair:
 - atá ainmnithe mar bhaile sa daonáireamh is déanaí
 - Ag a bhfuil daonra de bhreis is 2,000 agus
 - Atá suite laistigh de cheantar feidhmiúcháin an Údaráis Phleanála
 Tá an próiseas forbartha do Phleananna Ceantair Áitiúil fadálach. Fógraítear dátaí do chruinnithe poiblí ar an raidió áitiúil agus cuirtear fógraí ar na cruinnithe seo ar an bpreas áitiúil. Cuirtear na moltaí uile ar taispeáint go poiblí.
- Bíonn cruinnithe rialta ag ár nOifigeach Ceangail Tionónta, oibrítheoirí Sóisialacha agus pearsanra Forbartha Eastáit le baill éagsúla den phobal lena riachtanais a phlé agus le freastal orthu sin ar bhealach praiticiúil.
- Eagraímid comhairliúcháin fhoirmeálta lenár gcustaiméirí nuair a bhíonn mórthograí infrastruchtúir i gceist. Cuirtear tuairimí an phobail san áireamh sula nglacann ár gcuid ball tofa leis na moltaí seo.
- Tá suirbhéireacht Custaiméara déanta againn. Baineadh úsáid as aiseolas ón suirbhé seo le feabhas agus forbairt a dhéanamh ar na seirbhísí. Tá sé i gceist leanúint de shuirbhéireachtaí nó comhairliúcháin custaiméara.
- Oibríonn ár gcuid Ball Tofa go dlúth le heagraíochtaí áitiúla, na pobail ghnó agus fheirmeoireachta agus grúpaí forbartha agus polasaí a chur le chéile trí na Coistí Straitéiseacha Polasaí.
- Is tábhachtach leis an mBord Forbartha Contae ionchur ionadaithe pobail agus áisíneachtaí eile agus iarracht ar bun le feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse agus ar rochtain ar an gcuid is imeallaithe inár sochaí.
- Saothraíonn an tSeirbhís Leabharlainne agus an Oifig Ealaíon go fairsing i gcomhairle le pobail áitiúla agus tugann siad mórthacaíocht do thograí i dtéarmaí eolais, rialcháin agus comhordaithe.

Beidh an Plean Gníomhaíochta Custaiméara seo faoi réir ag athbhreithniú agus leasú leanúnach.

SONRAÍ TEAGMHÁLA
Tá Ardoifig Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin ag:
Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin, Áras an Chontae, Cill Mhantáin
Teil: 0404 20100 Facs: 0404 67792

ÚDARÁIS ÁITIÚLA CHILL MHANTÁIN – EOLAS TEAGMHÁLA

	Teileafón	Facs	R-phost
Oifig Ealaíon	0404 20155	0404 20113	wao@wicklowcoco.ie
Cosaint Sibhialta	0404 67402	0404 67792	wdownes@wicklowcoco.ie
Forbairt Eacnamaíochta	0404 20176	0404 62136	nroche@wicklowcoco.ie
Bord Fiontraíochta Contae	0404 67100	0404 67601	enterprise@wicklowceb.ie
Pobal & Fiontraíocht	0404 20208	0404 20113	dce@wicklowcoco.ie
Comhshaol	0404 20296	0404 67792	env@wicklowcoco.ie
Oifigeach Feasachta Comhshaoil	0404 64120	0404 64100	eao@wicklowcoco.ie
	(Lóghlao 1890222276)		
Ionad Athchúrsála an Inbhir Mhóir	0402 32759		
Ionad Arhchúrsála Abhóca	087 2288132		
Líne Bruscair	(LóGhlao 1890548837)		
Gnóthaí Corparáideacha	0404 20158	0404 20112	cosec@wicklowcoco.ie
Clár na dToghthóirí	0404 20161	0404 20112	franchise@wicklowcoco.ie
Saoráil Faisnéise	0404 20158	0404 20112	foi@wicklowcoco.ie
Seirbhís Dóiteáin	01 2862929	01 2861535	
Oifig Oidhreachta	0404 20191		dburns@wicklowcoco.ie
Deontais Ardoideachais	0404 20288	0404 20112	heg@wicklowcoco.ie
Tithíocht	0404 20120	0404 67722	housing2@wicklowcoco.ie
Gníomhairí Dí	0404 20122	0404 20144	lawagent@wicklowcoco.ie
Mótarcháin - Cill Mhantáin	0404 20118	0404 20293	motortax@wicklowcoco.ie
	(LóGhlao 1890 333339)		
Mótarcháin - Bré	01 2014186	01 2744955	braymotortax@wicklowcoco.ie
Mótarcháin – Baile Coimín	045 858031	045 891248	
Pleanáil	0404 20148	0404 69462	plandev@wicklowcoco.ie
Ioncam	0404 20128	0404 20140	finoff@wicklowcoco.ie
Bóithre	0404 20181	0404 20101	roadtran@wicklowcoco.ie
Oifig Deartha Bóthair	0404 64280	0404 69144	roadtran@wicklowcoco.ie
Oifig na dTograí Speisialta	0404 20208	0404 67601	hpurcell@wicklowcoco.ie
Stórais	0404 67654	0404 67792	
Turasóireacht Chill Mhantáin	0404 20070	0404 20072	wct@iol.ie
Stair Teaghlaigh Chill Mhantáin	0404 20126		wfh@eircom.net
Príosún Stairiúil Chill Mhantáin	0404 61599		wccgaol@eircom.net
Coimisiún Scannán Chill Mhantáin	0404 20257		wfc@wicklowcoco.ie
Togra Caomhnaithe Uisce Chill Mhantáin	0404 20451		

COMHAIRLÍ BAILE	Teileafón	Facs	R-phost
Comhairle Baile Bhré	01 2744900	01 2860930	tclerkbraytc.ie
Comhairle Baile an Inbhir Mhóir	0402 32819	0402 39773	tclerk@arklowudc.ie
Comhairle Baile Chill Mhantáin	0404 67327	0404 69158	tclerk@wicklowudc.ie
Comhairle Baile na gClocha Liatha	01 2876694	01 2877173	greytc@wicklowcoco.ie
Bré	01 2869734		
OIFIGÍ CEANTAIR	Teileafón	Facs	R-phost
An tInbhear Mór	0402 32717	0402 39388	arklow@wicklowcoco.ie
Bré	01 2869736		
Baile Coimín	045 891222	045 865813	blessington@wicklowcoco.ie
Na Clocha Liatha	01	01 2877173	greyston@wicklowcoco.ie
Tigh na hÉille	0402 38174	0402 38423	tinahely@wicklowcoco.ie
Cill Mhantáin	0404 20173	0404 67792	wicklow@wicklowcoco.ie
LEABHARLANNA	Teileafón	Facs	R-phost
An Leabharlann Contae	01 2866566	01 2865811	library@wicklowcoco.ie
An tInbhear Mór	0402 39977		
Eachroim	0402 36036		
Bré- Bóthar Eglinton	01 2862600		
Baile Bhaltroim	01 2723205		
Áth na Sceire	01 2864339		
Na Clocha Liatha	01 287 3548		
Cill Mhantáin	0404 67025		
Dún Luáin	045 401100		
Ráth Droma	0404 43232		
Tigh na hÉille	0402 38080		
Bealach Conglais	059 6482300		
Baile Coimín	045 891701		
Carn an Bhua	055 26088		

Áras an Chontae, Cill Mhantáin

Bíonn príomhoifigí poiblí Chill Mhantáin ar oscailt de ghnáth idir 9r.n-5i.n. Luan-Aoine. Bíonn na hoifigí in Áras an Chontae ar oscailt am lóin do ghlaonna teileafóin agus do na cuntair phoiblí.

Dúntar na cuntair Pleanála, Tithíochta agus Mótarchánach ar 3.30.

Fáilteú agus Oifigí Ginearálta	9r.n.-5i.n.
Comhshaol, Áras an Chontae	9r.n.-5i.n.
Cuntar Poiblí Pleanála	9r.n.-3.30i.n.
Ioncam, Áras an Chontae	9r.n.-5i.n.
Mótarcháin	
Cill Mhantáin, Áras an Chontae	9r.n.-3.30i.n.
Baile Coimín, Oifigí Cathartha	9r.n.-12.30i.n, 2i.n.-3.30i.n.
Oifigí Cathartha Bhré, An Phríomh Shráid, Bré	9.00-3.30

Comhairlí Baile

Comhairle Baile Bhré	9r.n.-1i.n., 2i.n.-5i.n.
	An Oifig Airgid ar oscailt Déardaoin agus Aoine ó 1i.n.-2i.n.
	Fáiltiú ar oscailt do fhiosruithe ginearálta gach lá ó 1i.n.-2i.n.
Comhairle Baile an Inbhir Mhóir	9r.n.-1i.n., 2i.n.-5i.n.
Comhairle Baile Chill Mhantáin	9r.n.-1i.n., 2i.n.-5i.n.
Comhairle Baile na gClocha Liatha	9r.n.-1i.n., 2i.n.-5i.n.
Oifigí Cathartha Bhaile Coimín	9r.n.-5i.n., Dúnta don Lón 1-2i.n.

Ionaid Athchúrsála

Ionad Comhshaoil an Mhuirbhigh, an Muirbheach, Baile Chill Mhantáin Teil: 1890 222276	Luan - Aoine: 9.00r.n. - 5.00i.n. Sath: 9.00r.n. - 2.00i.n.
---	--

Ionad Athchúrsála An Inbhir Mhóir, Eastát Tionsclaíoch Croghan, Bóthar Emoclew, An tInbhear Mór Teil: 1890 22 2276 or 0402 32759	Máirt-Aoine 11.00r.n. - 4i.n. Sath: 9.00r.n. - 2.00i.n.
---	--

Ionad Athchúrsála Abhóca, Baile Mhuirteach, Abhóca, Co Chill Mhantáin Teil: 1890 222276 or 0872288132	Máirt-Satharn 10r.n.-4i.n., Dúnta don Lón 1-2i.n.
---	--

Láithreán Líonta Talún Rampere, Bealach Conglais, Co Chill Mhantáin Teil: 059 6481677	Luan-Aoine: 8.30-4i.n., Sath; 8.30-1i.n.
---	---

Uaireanta Oscailte Leabharlainne: -

An tInbhear Mór: Leabharlainneá - Pamela Toner Fón: 0402 39977
Luan/Déard/Aoine/Sath 10 r.n. - 1 i.n., 2 i.n. - 5 i.n.
Máirt/Céad 10 r.n. - 1 i.n., 2 i.n. - 5 i.n., 6 i.n. - 8.30 i.n.

Eachroim: Leabharlainneá Brainse- Mary Carty Fón: 0402 36036
Luan & Aoine 3 i.n. - 5 i.n.
Céadaoin 3 i.n. - 5 i.n., 7 i.n. - 8.30 i.n.
Satharn 2 i.n. - 4 i.n.

Abhóca: Leabharlainneá Brainse- Helena Maher Fón: 0402 35022
Luan - Aoine 9r.n. - 5 i.n.
Satharn 10 r.n. - 2i.n.

Baile Bhaltroim: Leabharlainneá - Noelle Ringwood Fón: 01 2723205
Luan: Dúnta.
Máirt/ Aoine & Sath 10 r.n. - 1 i.n., 2 i.n. - 5 i.n.
Céad. & Déard 10 r.n. - 1 i.n., 2 i.n. - 5 i.n., 6 i.n. - 8 i.n.

Bealach Conglais: Leabharlainneá Brainse - Catherine Walshe Fón: 059 6482300
Luan. & Aoine 3 i.n. - 5 i.n., 6.30 - 8.30 i.n.
Céadaoin 11 r.n. - 2 i.n.
Satharn 2 i.n. - 5 i.n.

Baile Coimín: Leabharlainneá Brainse- Margaret Flynn Fón: 045 891701
Luan. & Aoine 7 i.n. - 9 i.n.
Céad. & Déard 2.30 i.n. - 5 i.n.
Satharn 11 r.n. - 1 i.n.

Bré: Leabharlannaí Brainse - Gillian Miss tear Fón: 01 2862600
Máirt. & Déard 10 r.n. – 8.30 i.n.
Céadaoin & Aoine. & Sath 10 r.n. - 5 i.n.

Carn an Bhua: Leabharlannaí Brainse - Lena Elliot Fón: 055 26088
Luan 7 i.n. - 9 i.n.
Máirt 2 i.n. - 4 i.n.
Céad & Aoine 2 i.n. - 4 i.n., 7 i.n. – 9 i.n.

Dún Luáin: Leabharlannaí Brainse - Maura Greene Fón: 045 401100
Luan 11 r.n. – 1 i.n., 6.30 i.n. – 8.30 i.n.
Céadaoin 3 i.n. – 5 i.n., 6.30 i.n. – 8.30 i.n.
Aoine 3 i.n. - 5 i.n.
Satharn 11 r.n. – 1 i.n.

Áth na Sceire: Leabharlannaí Brainse - Rita Cameron Fón: 01 2864339
Luan/ Aoine. & Sath 3 i.n. - 5 i.n.
Céadaoin 11 r.n. - 1 i.n., 7 i.n. - 9 i.n.

Na Clocha Liatha: Leabharlannaí Brainse - Fiona Scannel Fón: 01 2873548
Luan/ Céad/ Aoine. & Sath 10 r.n. - 5 i.n.
Máirt & Déard 10 r.n. – 8.30 i.n.

Ráth Droma: Leabharlannaí Brainse - Fón: - 01 2873548
Luan/ Déard & Sath 2 i.n. - 4 i.n.
Céadaoin 7 i.n. - 9 i.n.

Tigh na hÉille: Leabharlannaí Brainse - Miriam Barton Fón: 0402 38080
Luan 6 i.n. - 8 i.n.
Céad & Sath: 3 i.n. - 5 i.n.
Aoine 11 r.n. -1 i.n.

Cill Mhantáin: Leabharlannaí Brainse - Ann Murdiff Fón: 0404 67025
Luan/ Máirt/ Aoine. & Sath 10 r.n. - 1 i.n., 2 i.n. - 5 i.n.
Céad & Déard 10 r.n. - 1 i.n., 2 i.n. - 5 i.n.,
6 i.n. – 8.30 i.n.



Tá Seirbhís Leabharlainne Taistil ag Comhairle Contae Chill Mhantáin. Cuir glao ar Ardoifig na Leabharlainne ag 01-2866566 lena fháil amach cén lá agus cén t-am a bheidh an Leabharlann Taistil i do cheantar féin.

Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin Bainc Athchúrsála

HOUSEHOLD BATTERIES may be left for recycling at Wicklow County Council Area
Offices at Wicklow, Arklow, Greystones, Blessington and Bray.

The Environment - Too Good To Waste!

Ceantar Chill Mhantáin Thoir	SÚIOMH	ÁBHAIR INGHLACTHA
An tInbhear Mór	Páirc an Chaisleáin Carrchlós, An Phríomhshráid Ionad Athchúrsála An Inbhir Mhóir Eastát Tionsclaíoch Emoclew	Gloine, Cannaí Dí Gloine, Cannaí Dí *Cartbharr, Nuachtáin, *Irisí, Buidéil Phlaisteacha, Searróga agus buidéil Ghloine, Cannaí Cruaiche Bia agus Clúdaigh Mhiotail, Cannaí Alúmanaim Dí, Batairí Tí, Fóin Phóca, Scairdchartúis Dúigh Earraí Leictreacha * Ní mór iad a bheith tirim
Áth na Fuinseoige	An Phríomhshráid	Gloine, Cannaí Dí
Eachroim	An Phríomhshráid	Gloine, Cannaí Dí
Abhóca	Ionad Athchúrsála Abhóca Baile Muircheartaigh, Abhóca Ní ghlactar le dramhaíl neamhscagtha tí ná tráchtála in Ionad Athchúrsála Abhóca	*Cartbharr, Nuachtáin, *Irisí, Buidéil Phlaisteacha, Searróga agus buidéil Ghloine, Cannaí Cruaiche Bia agus Clúdaigh Mhiotail, Cannaí Alúmanaim Dí, Batairí Tí, Fóin Phóca, Scairdchartúis Dúigh, Dramhaíl Ghairdín (Gabhann táillí le Dramhaíl Ghairdín) Earraí Leictreacha * Ní mór iad a bheith tirim
Cuan an Bhriotáis	Carrchlós na Trá Thuaidh, Carrchlós na Trá Theas	Gloine, Cannaí Dí
Bré	Carrchlós an tSéipéil, Bóthar Hiorbaird Carrchlós Superquinn Arda Giltspur Carrchlós Tesco Scoil N. Cillín Festina Lente, Bóthar Sean Chonnachta	Gloine, Cannaí Dí, Abhras Gloine, Cannaí Dí Gloine, Cannaí Dí Gloine, Cannaí Dí agus Bia, Abhras, Leabhair Gloine, Cannaí Dí Gloine, Cannaí Dí
Carn an Bhua	An Príomhshráid, Lasmuigh de Stáisiún na nGardaí	Gloine, Cannaí Dí
Átha na Sceire	Carrchlós Chluain an Phortaigh Carrchlós Dhigais agus Ghleann Criothaigh	Gloine, Cannaí Dí Gloine, Cannaí Dí
Gleann Dá Loch	An Carrchlós Uachtarach	Gloine, Cannaí Dí, Abhras
Gleann Fhaidhle	Carrchlós	Gloine, Cannaí Dí
Gleann Mhaoiloraídh	Óstán Ghleann Mhaoiloraídh	Gloine, Cannaí Dí
na Clocha Liatha	Carrchlós Tesco Carrchlós na Trá Theas Carrchlós Supervalu & Bóthar Trafalgar Oifigí Chomhairle an Bhaile & Carrchlós Páirceáil agus Marcaíocht Bóthar an Mhuilinn (Os comhair an Chlub Leadóige	Gloine, Cannaí Dí agus Bia, Abhras Gloine, Cannaí Dí Gloine, Cannaí Dí Gloine, Cannaí Dí Gloine, Cannaí Dí
Cill Chuaid	Plandanna Calumet	Gloine, Cannaí Dí, Abhras

An Caisleán Nua	Ionad Pobail	Gloine, Cannáí Dí, Abhras
Láithreach	Teach Heather	Gloine, Cannáí Dí
Baile an Chinnéidigh	An Phríomhshráid	Gloine, Cannáí Dí
Ráth Droma	Sean-charchlós an C.G.O.	Gloine, Cannáí Dí
An Chrois Dhearg	Páirc Charabháin	Gloine
An Tóchar	Carrchlós Tí an Chóiste	Gloine, Cannáí Dí
Baile Chill Mhantáin	Carrchlós AIB, Carrchlós Tesco Carrchlós Áras an Chontae	Gloine, Cannáí Dí Gloine, Cannáí Dí
Baile Chill Mhantáin	Ionad Athchúrsála na Muirí An Mhuirbheach, Baile Chill Mhantáin Glacaimid leis na nithe seo a leanas –GLAN, SCARTHA AGUS CURTHA SNA GABHDÁIN MAR ATÁ LIOSTÁILTE	*Cartbharr, Nuachtáin, *Irisí, Buidéil Phlaisteacha, Searróga agus buidéil Ghloine, Cannáí Cruaiche Bia agus Clúdaigh Mhiotail, Cannáí Alúmanaim Dí, Batairí Tí, Fóin Phóca, Scairdchartúis Dúigh, Earraí Leictreacha. * Ní mór iad a bheith tirim

Ceantar Chill Mhantáin Thiar	SUÍOMH	ÁBHAIR INGHLACTHA
Bealach Conglais	Carrchlós an C.G.O. Líontán Talún Rampier	Gloine, Cannáí Dí Gloine, Cannáí Dí,, Cannáí Cruaiche Bia agus Clúdaigh Mhiotail, Cannáí Alúmanaim Dí, Batairí, Feadáin Sruthshoilseachta, Earraí Leictreacha
Baile Coimín	Oak View, os comhair Oifigí na Comhairle Contae	Gloine, Cannáí Dí
Cúl na Fuinnse	Carrchlós	Gloine, Cannáí Dí
Dún Luáin	Eastát Tionsclaíoch Lána na hEaglaise	Gloine, Cannáí Dí Gloine, Cannáí Dí
Áth na Sráide	Sráid na hEaglaise	Gloine, Cannáí Dí
Ráth Daingin	In aice na Scoile	Gloine, Cannáí Dí
Síol Éalaigh	Carrchlós Shiopa Centra & Cúil Cionaith	Gloine, Cannáí Dí
Tigh na hÉille	Co. Co. (laistiar de Teach na Cúirte) Carrchlós C.L.C.G.	Gloine, Cannáí Dí



Cairt Chustaiméara Caighdeáin dár gCustaiméirí

**Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin
"Táimid tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin
a sholáthar dár gcustaiméirí"**

Féachfar le:-

- Bheith múinte béasach
- Eolas soiléir cruinn a sholáthar duit
- Caitheamh leat ar bhealach macánta oscailte
- Oifigí poiblí atá glan agus inrochtain a sholáthar
- Áisiú a dhéanamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine le riachtanais speisialta
- Cinntiú a dhéanamh ar cheart ar chóiríocht chomhionann mar atá bunaithe sa reachtaíocht
- Freastal ar ár gcuid custaiméirí gur mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge nó trí Theanga Comharthaí
- Cúnamh a sholáthar chun foirmeacha iarratais a chomhlíonadh má iarrtar sin

Tig leatsa cabhrú linn le cabhrú leat:-

1. Trí eolas cruinn iomlán a sholáthar
2. Uimhreacha tagartha a lua más ann dóibh
3. Trí chaintiú, gearáin nó moltaí a dhéanamh maidir leis na seirbhísí a fhaigheann tú.
4. Trína chur in iúl dúinn é nuair a dhéanaimid rud go maith.

Tá foirmeacha ar fáil le caintiú, gearán nó moladh a dhéanamh.
Déan fiarfaí, le do thoil, ag aon cheann dár gcuntair phoiblí.

**Ba chóir a bhfuil tuas a léamh i gcomhar le Plean
Gníomhaíochta Custaiméara Údaráis Áitiúla Cill Mhantáin**

Cairt Fhoirne Caighdeáin dár bhFoireann

Is aidhm do Chomhairle Contae Chill Mhantáin ardleibhéal seirbhíse a sholáthar i dtimpeallacht slán sábháilte.

Is aidhm dúinn slándáil, sláinte agus leas ár bhfostaithe uile a chinntiú.








Déantar monatóireacht ar ár bpríomhoifigí le Teilifís CI.

- Bain díot do chlogad roimh theacht don chuntar duit, le do thoil
- Ba chóir teileafóin phóca a bheith múchta agus gnó á dhéanamh lenár bhfoireann.


Iarraimid ar gach duine ar bhall áitrimh dár gcuid a thabhairt faoi deara nach bhfuil an iompar seo a leanas inghlactha:

1. Iompar atá treascrach nó a chuireann isteach ar úsáid agus ar thaitneamh áiseanna nó seirbhísí ag daoine eile.
2. Ciapadh na foirne nó ball eile den phobal trí chaint mhaslach, chiníoch, ghraosta nó bhagrach a úsáid.
3. Foréigean a úsáid nó a bhagairt ar an bhfoireann nó ar bhaill den phobal
4. Damáiste mailíseach do áitrimh agus/nó goid maoine le hÚdaráis Áitiúla Chill Mhantáin.
5. Ól tobac in aon cheantar laistigh de Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin.
6. Maoin phearsanta a fhágáil fan faire agus áiseanna Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin á n-úsáid.
7. Bheith i mbun do ghnó agus lorg Alcóil nó Drugaí Mídhleathacha ort

Local Authority Services in County Wicklow

-  Public Office
-  Fire Stations
-  Mobile Collections
-  Recycling Centre
-  Recycling Banks
-  Blue Flag Beach
-  Library



- Electoral Areas**
-  Baltinglass
 -  Arklow
 -  Wicklow
 -  Bray
 -  Greystones